# Snáithe 3 | Caidrimh agus Gnéasacht

| | |
|---|---|
| **Toradh Foghlama 3.10:** | Ba cheart go mbeadh an scoláire in ann tionchar an chultúir choitinn agus an tsaoil ar líne a phlé, tionchar na pornagrafaíochta go háirithe ar thuiscint, ar ionchais agus ar noirm shóisialta daoine óga ó thaobh léiriú gnéasachta de. |
| **Réamhfhoghlaim:** | Sula dtugann an scoláire aghaidh ar Thoradh Foghlama 3.10, caithfidh an scoláire dul i ngleic leis na torthaí foghlama ábhartha, lena n áirítear foghlaim faoi **na tosca a mbíonn tionchar acu ar fhéinaitheantas na ndaoine óga agus a mhúnlaíonn a bhféinaitheantas** (**1.4**), **brí agus tábhacht na comhbhá** (**1.8**), **cothroime agus steiréitíopa inscne** (1.5), **íomháineachas gnéasach a roinnt ar líne** (2.9), **comharthaí de chaidrimh shláintiúla, mhíshláintiúla agus mhí úsáide** (**3.3**) **agus an tábhacht le toiliú a lorg, a thabhairt agus toiliú a fháil i gcaidrimh ghnéasacha** (**3.8**). |

## Céard í an fhoghlaim thábhachtach?

Is é cuspóir Thoradh Foghlama 3.10 chun tús a chur le comhráite le daoine óga faoi fhorleithne agus faoi thionchar na dteachtaireachtaí agus na n íomhánna gnéasacha sa chultúr coiteann agus ar líne agus chun cuidiú leo féachaint go criticiúil ar an gcaoi a bhféadfadh sé seo a bheith ag imirt tionchar ar a dtuiscint ar ghnéasacht, ar a noirm ghnéasacha agus ar a n ionchais ghnéasacha atá ag teacht chun cinn. Cuir tús leis ach cabhair a thabhairt don scoláire machnamh a dhéanamh ar a luachanna féin agus ar a ionchais féin agus ar na gnéithe d'eispéireas gnéasach sláintiúil a bheadh ag duine fásta dar leis, ar nós aire, toilithe, cothroime, measa, muiníne, comhphléisiúir. Ansin, déan plé ar an gcaoi a ndaingníonn teachtaireachtaí agus íomhánna sa chultúr coiteann agus ar líne a luachanna agus a ionchais nó ar an gcaoi nach bhfuil siad ar aon dul leo.

Cuimsítear leis na príomhtheachtaireachtaí chun na gníomhaíochtaí foghlama a thabhairt chun solais, go bhfuilimid inár gcónaí i ndomhan atá ag éirí níos gnéasaithe, ina bhfuil teachtaireachtaí agus íomhánna gnéis thart timpeall orainn agus caithfear scrúdú criticiúil a dhéanamh orthu seo. Cé nach rud neamhghnách é a bheith fiosrach faoi ghnéas, ní maith an rud í pornagrafaíocht chun foghlaim faoi ghnéas de bharr nach dtugann sí fíorléargas ar ghnéas sa saol mar atá agus d'fhéadfadh sí cur isteach ar dhaoine óga agus dochar a dhéanamh dóibh. Déanta na fírinne, ó tharla go bhfuil nádúr fhormhór na pornagrafaíochta a bhfuil rochtain gan srian air, foréigneach agus dochrach, is rogha an sláintiúil do dhuine óg é gan féachaint ar phornagrafaíocht. Bheadh sé tábhachtach a admháil, go mb'fhéidir go bhfaca/nach bhfaca an scoláire pornagrafaíocht, gan breithiúnas a thabhairt air.

### Ceisteanna féideartha le hiniúchadh tríd an toradh foghlama seo:

- Céard iad na príomhtheachtaireachtaí agus na príomhíomhánna faoi ghnéas sa chultúr coiteann (m.sh., fógraíocht, scannáin, físeáin cheoil, na meáin shóisialta)?
- Cé hiad na daoine a bhaineann tairbhe as teachtaireachtaí agus íomhánna gnéasacha a chur chun cinn (nod: an tionscal pornagrafaíochta), agus cé a bhíonn thíos leis dá réir (nod: cách sa tsochaí)?
- Cén chaoi a bhféadfadh an léiriú ar ghnéas sa chultúr coiteann tionchar a imirt ar dhaoine óga agus iad ag forbairt a dtuisceana ar ghnéasacht?
- Céard atá ann sa dlí faoi íomhánna gnéis nó gáirsiúla a roinnt?
- Cén chaoi a bhféadfadh pornagrafaíocht tionchar a imirt ar dhaoine trí fhéachaint uirthi maidir lena ndearcthaí, a n iompraíochtaí agus a n ionchais?
- Céard a léirítear sa taighde faoi thionchar na pornagrafaíochta le linn ógántachta go háirithe (m.sh., forbairt na hinchinne le linn ógántachta agus sothugthacht d'iompraíochtaí andúile)?
- Cén chaoi a gcothaíonn pornagrafaíocht noirm dhochracha inscne agus steiréitíopaí dochracha inscne?

**Nuair atáthar ag múineadh faoi phornagrafaíocht, níl sé feiliúnach ábhar a chur i láthair atá gáirsiúil, ná tagairt a dhéanamh do shuíomhanna idirlíne ar leith a bhfuil ábhar gáirsiúil iontu sa rang.**

### Toradh féideartha foghlama leantacha:

Na **brúnna atá ann chun páirt a ghlacadh i gcaidreamh gnéis** agus **na bealaí chun meas a léiriú ar roghanna daoine** (**2.9**)

Téigh chuig Uirlisí Úsáide OSPS 2023 le haghaidh acmhainní an tseomra ranga nasctha le TF 3.10